

Léigí an leabhrán eolais seo le bhur dtoil maidir le póstaí a cheiliúradh i gCill Éinde, An Spidéal. Cuideoidh na treoirlínte agus na rialacháin libh réiteach do bhur lá speisialta, agus le cuid de na ceisteanna atá agaibh a fhreagairt.

Nuair a chuireann sibh an fhoirm áirithe ar ais (maraon leis an táille), ciallaíonn sé sin go nglacann sibh leis na hachainíochta agus na coinníollacha atá inti.

Coinníollacha Eaglasta

Tabhair faoi deara:

Éilíonn an Eaglais fógra trí mhí ar a laghad. Mar sin féin, ba chóir an séipéal agus an sagart a chur in áirithe roimhe sin.

Cúrsa Réamh-Phósta:

Is riachtanas é freastal ar chúrsa Réamh-Phósta. Ba chóir é sin a chur in áirithe go luath toisc go mbíonn sé deacair go minic áit a fháil ar chúrsa atá caoithiúil duit. Cuireann an áisinteacht Chaitliceach ACCORD cúrsaí dá leithéid ar fáil go náisiúnta.

Fiosrúchán Réamh-Phósta:

Ní mór don bhean agus don fhear atá le pósadh Fiosrúchán Réamh-Phósta a chomhlánú ina n-aonar in éineacht le sagart an pharóiste ina gcónaíonn siad ag an am. De ghnáth, níl sé sin casta. Ach má bhíonn dispeansáid ag teastáil, tógfaidh an próiseas níos faide, e.g. má tá ceist gur glacadh móideanna crábhaidh/gaol fola/nó duine den bheirt bheith ina neamh-Chaitliceach. Déanfaidh an sagart atá ag comhlánú na bhfoirmeacha in éineacht libh na litreacha dispeansáide a eagrú.

Ba chóir daoibh a rá leis an sagart sa bparóiste ina gcónaíonn sibh go bhfuil ar intinn agaibh pósadh sa Spidéal agus go mbeidh oraibh castáil air chun an Fiosrúchán Réamh-Phósta a chomhlánú. Deis é sin aithne a chur ar bhur gcléir áitiúil mura bhfuil sibh i bhfad sa bparóiste ina gcónaíonn sibh.

Ba chóir an cruinniú sin a bheith ann chun an Fiosrúchán Réamh-Phósta a chomhlánú, mí amháin ar a laghad, agus gan bheith níos mó ná sé mhí, roimh lá an phósta. Mí amháin ar a laghad roimh dháta an phósta, seolfaidh an sagart na páipéir chomhlánaithe chuig:

An Sagart Pobail, An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Má chónaíonn ceachtar agaibh taobh amuigh d'Éirinn, áfach, tógfaidh an próiseas seo breis ama de bhí nach mór an fhoirm/na foirmeacha comhlánaithe a chur ó Oifig Easpaig na deoise thar lear ina gcónaíonn tú chuig:

**An Rúnaí Deoise,
Oifig Deoise na Gaillimhe,
An Ard-Eaglais,
Gaillimh.**

Sula gcasfaidh tú ar an sagart chun obair a dhéanamh ar an bhFiosrúchán Réamh-Phósta, seans go mbeidh ort teagmháil a dhéanamh le roinnt paróistí roimh ré chun iad seo go léir a leanas a fháil:

- **Teastas Baiste:** Cóip dheireanach de do Theastas Baiste agus tagairt inti do do stádas pósta.
- **Teastas Cónartaithe**
- **Litir Shaoirse** ó gach paróiste inar chónaigh tú ar feadh sé mhí nó níos mó ó bhí tú 16 bliain d'aois.
- Fianaise go bhfuil **Cúrsa Réamh-Phósta** curtha i gcrích agat.

Riachtanais Shibhialta

Níl pósadh bailí mura dtugtar fógra trí mhí don Chláraitheoir Póstaí. Ní mór daoibhse, mar lánúin, dul i dteagmháil leis an gCláraitheoir Sibhialta go práinneach ag oifig ar bith dá chuid taobh istigh d'Éirinn le coinne a dhéanamh chun fógra trí mhí a thabhairt faoi bhur rún pósadh. Cuideoidh sé sin leo an t-ualach oibre a scaradh níos cothroime thar an dá mhí dhéag den bhliain, agus b'fhéidir é a dhéanamh níos fusa daoibh coinne níos feiliúnaí a fháil. Féach www.groireland.ie/getting_married.htm

Mura bhfuil ainm an tsagairt atá beartaithe agaibh le feidhmiú ar an bpósadh ar Liosta Sollúnóirí an Chláraitheora, tabharfaidh an paróiste seo foirm chlárúcháin daoibh a chuirfidh sibh ar aghaidh go dtí an sagart lena chomhlánú.

Ag an gcruinniú leis an gCláraitheoir, gheobhaidh sibh Foirm Chlárúcháin Phósta a chuirfidh sibh ar ais chuig an gCláraitheoir tar éis an phósta, agus é sínithe ag na páirtithe.

Searmanas an Phósta

Féadfaidh Pósadh Sacraimintíúil san Eaglais Chaitliceach tarlú laistigh de cheiliúradh an Aifrinn nó gan cheiliúradh Eocairisteach. Braithfidh bhur gcinneadh maidir le ceiliúradh na sacraiminte laistigh nó lasmuigh den Aifreann ar bhur gcreideamh féin, agus/nó ar an seans go mbeadh Pósadh Measctha i gceist, i.e. pósadh idir Caitliceach agus Críostaí neamh-Chaitliceach nó neamh-Chríostaí.

Tá cúiseanna maithe ann nach mbeadh an Eocairist mar chuid de shearmanas pósta. Ba chóir daoibh na roghanna sin a phlé leis an sagart a bheidh ag feidhmiú ag bhur bpósadh, más dóigh libh go mbaineann sé le hábhar.

Póstaí ar an Domhnach

De réir pholasaí Dheoise na Gaillimhe maidir le póstaí Domhnaigh, is fearr linn gan glacadh le háirithe don Domhnach.

Réiteach Sacraimintíúil

D'fhonn sibh féin a oscailt níos iomláine do ghrásta agus beannacht Dé, moltar daoibh leas a bhaint as Sacraimint an Athmhuintearais sa tréimhse díreach roimh an bpósadh.

Ba chóir troscadh ar feadh aon uair an chloig sula nglacfar Comaoineach Naofa, go háirithe i dtaca le halcól.

Bláthanna

Cuireann bláthanna leis an bpósadh. Ach níl Cill Éinde in ann glacadh leis an iomarca bláthanna. Baineann ró-mhaisiú ón bhfoirgneamh speisialta seo agus ceileann áilleacht na bhfuinneog agus na hoibre ealaine, an dín agus ghnéithe eile.

Tá an altóir beag go leor. Níor cheart bláthanna a leagan ansin. Más mian leat Searmanas Lasta Coinnle a bheith mar chuid den phósta, tá seastán ar fáil ar féidir a chur ag an taobh.

Níor cheart dóibh siúd a bheidh i mbun na mbláthanna an séipéal a úsáid mar ionad oibre. Ba chóir an oiread agus is féidir den réiteach a dhéanamh roimh ré.

Urraim

Tá rogha déanta agaibh a bheith pósta in ionad adhartha agus paidreoireachta. Táimid ag súil go mbeidh meas agaibh go léir ar ár séipéal. Bigí urramach i gcónaí le bhur dtoil.

Ceol

An ceol a roghaíonn sibh, caithfidh sé a bheith ag teacht leis an timpeallacht bheannaithe.

Tá stór mór feiliúnach iomann cráifeach agus ceoil ró-bheannaithe a chuirfidh le bhur gceiliúradh pósta — traidisiúnta, clasaiceach agus nua-aimseartha, Éireannach agus idirnáisiúnta, gutha agus uirlise.

Ba chóir daoibh dul i gcomhairle le bhur sagart maidir le ceol iomchuí tamall maith roimh lá an phósta. Go háirithe, ba chóir don cheol a roghnaíonn sibh d'am Comaoineach a bheith Eocairisteach.

Má bhíonn grúpa ceoil agaibh le trealamh ceoil agus leictreonach, seachas iad féin a shuíomh in aice le ceantar na sanctóra, tá spás níos feiliúnaí ar aghaidh an phríomhdhorais isteach.

Grianghraif agus Fistaifeadadh

Cuir an t-eolas seo a leanas in iúl don ghrianghrafadóir agus/nó don fhoireann fístéipe le bhur dtoil roimh lá an phósta.

Ní mór grianghraif agus fístéipeanna a ghlacadh go discrídeach agus gan cur isteach ar dhuine ar bith.

Ba chóir nach rachadh grianghrafadóirí nó foirne fístéipe isteach sa sanctóir uair ar bith. Téigi i gcomhairle leis an sagart feidhmithe maidir le suíomh trealaimh etc.

Níor cheart go mbeadh gá le soilsíú breise ag glacadh le cumas threalaimh nua-aimseartha anois.

Is cuid de shearmanas an phósta é an próisisiam síos trí lár an tséipéil agus mar sin níor chóir go gcuirfeadh breis grianghrafadóireachta moill air.

Ná scaiptear confetti ná piotail bhlatha.

Níor cheart an taobh istigh den séipéal a úsáid mar ionad grianghrafadóireachta i ndiaidh an phósta.

Poncúlacht

Cé go bhféadfadh sé bheith sa bhfaisean don bhrídeach a bheith cúpla nóiméad mall, ar mhaithe le cúirtéis, ar mhiste libh an searmanas a thosú ag an am atá beartaithe.

Cleachtadh Pósta

Bíonn cleachtadh gearr pósta ag formhór na lánúineacha lá nó dhó roimh an bpósadh. Beidh an Sacraisteoir i láthair, más féidir, le chuile chúnaimh a thabhairt daoibh. Déan teagmháil le hoifig an pharóiste (091-553155) chun am a shocrú nach gcuirfidh isteach ar na gnáthshearmanais nó nach mbeidh i gceist leis Sacraisteoir an tséipéil a choinneáil ann go deireanach.

Táille an tséipéil

Bíonn táille de €500 len íoc acu siúd a chónaíonn taobh amuigh de pharóiste an Spidéil nuair a dhéanann siad an áirithint. Cuimsíonn an táille sin próiseáil na gcáipéisí a bhaineann le bhur bpósadh, úsáid an tséipéil, ullmhúchán, soilsíú, téamh, glantachán ina dhiaidh etc.

Muintir an pharóiste a chuidíonn le cothú an tséipéil ar an ngnáthbhealach, fágtagar fúthu féin é bronntanas a thabhairt don Pharóiste ar ócáid a bpósta. Ach baineann an táille de €100 le chuile dhuine le háirithint a fháil.

Fágtagar fúibh féin é ofráilacha a thabhairt don Sagart Feidhmithe, do Shacraisteoir an tséipéil agus do na Freastalaithe Altóra.

An Sagart Feidhmithe

Níl Sagart Pobail an Spidéil in ann feidhmiú ag cuid mhaith de na póstaí a tharlaíonn i gCill Éinde. Bítear ag súil go n-aimseoidh lánúineacha gan baint acu leis an bparóiste seo a sagart féin a bheith acu, sagart a bheidh ar Chlár Sibhialta na Sollúnóirí.

I ndiaidh an Phósta


Déanaigi socrú le bhur dtoil coinne, bláthanna etc. ar mhian libh a choinneáil a bhaint amach as an séipéal. Ba chóir leabhráin nach bhfuil ag teastáil a bhailiú agus iad a fhágáil le haghaidh athchúrsála.

Tá Foirm Áirithinte Phósta in éineacht leis an mBileog Eolais seo

Teagmháil: An Sagart Pobail,
Teach an tsagairt,
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-553155

Rphost: cilleinde@eircom.net



Ceiliúradh an Phósta Chríostaí i gCill Éinde, An Spidéal

**“A bhfuil cruthaithe ag an ailtire
is saothar bunúil ealaíne é.”**

(An Tiarna Chill Ainthin, agus é ag scríobh faoi Chill Éinde, 1950)

Nuair a rinneadh sagart pobail sa Spidéal den Athair Marcas Ó Conaire in 1897, chinn sé ar shéipéal nua a thógáil. Mhol Edward Martyn as Tulira go dtabharfaí an coimisiún do William A. Scott as Baile Átha Cliath. Ba ailtire anaithnid é sin an uair úd. Ach ina dhiaidh sin, dhear sé cuid mhaith foirgneamh breá. Mar cheann na hailtireachta ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, ba é W.A. Scott a bhí freagrach as roinnt de na foirgnimh ba nuálaí in Éirinn le linn an chéad chuid den fhichiú haois. Ach ar an drochuair, is corpas beag go leor a d'fhág sé ina dhiaidh de bhri go bhfuair sé bás in aois caoga bliain.

Is séipéal Rómhánúil í Cill Éinde, ach bhain Scott leas as smaointe Críostaí agus Meánaoiseacha chomh maith. Is é a scríobh Robert Elliot an staraí ealaíne: “Chuir an tUasal Scott san áireamh an cineál daoine a adhrann sa séipéal seo, a chomhaireann a bpaidríní agus a ghuíonn go simplí, seachas soirse bladhracha a shantú le lámhleabhair thiubha dheabhóideacha a léamh.

D'fhostaigh Scott Sarah Purser leis na fuinneoga de ghloine dhaite a dhearadh agus a dhéanamh. Is mósáic de ghloine dhaite é Turas na Croise, ar a dtugtar go teicniúil *opus sectile*, a dhear an duine cáiliúil Sarah Purser freisin.

Rinneadh obair athchóirithe in 1985 agus ligeadh tuilleadh